M. 59T

# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001

# EACNAMAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

## (400 marc)

**DÉ CÉADAOIN, 20 MEITHEAMH 2001 – MAIDIN, 9.30 to 12.00**

Freagair **sé** cheist as Roinn A agus **ceithre** cheist as Roinn B.

Tabharfar creidiúint as an bhfreagairt a bheith soiléir cruinn cuí agus ar an ábhar a bheith leagtha amach i ndea-ord.

## ROINN A (100 marc)

Tá na ceisteanna sa roinn seo ar bhileog faoi leith agus tá spás do na freagraí.

**Tugtar an bhileog sin in iomláine ar ais le do fhreagarleabhar ag deire an scrúdaithe.**

## ROINN B (300 marc)

**Ceithre cheist le freagairt.**

**Tá an líon céanna marcanna (.i. 75) ag na ceisteanna uilig.**

**Tabhair faoi deara go bhfuil fo-chodanna iontu.**

**1.** *(a)* Luaigh agus mínigh na buntréithe atá mar bhonn leis an teoiric **Iomaíocht Neamhfhoirfe.** (25 marc)

*(b)* Tarraing an cuar éilimh a gcaitheann gnólacht in iomaíocht neamhfhoirfe aghaidh a thabhairt air agus mínigh a chruth. (10 marc)

*(c)* Pléigh, agus léaráid le lipéid shoiléire agat, na himpleachtaí a bhaineann leis na buntréithe in (*a*) thuas, ar chothromaíocht an ghnólachta san fhadtréimhse faoi choinníollacha neamhfhoirfe. (30 marc)

*(d)* Luaigh **GNÉ AMHÁIN** den ghnólacht seo i gcothromaíocht fhadtréimhseach a bheadh coitianta ag gnólacht sa chás sin (cothromaíocht fadtréimhseach) faoi iomaíocht fhoirfe **<u>NÓ</u>** monaplacht. (10 marc)

**[75 marc]**

**2.** *(a)* Sainmhínigh céard is brí le praghasleaisteachas an éilimh. (10 marc)

*(b)* Ceannaíonn tomhaltóir 80 aonad d'earra ar phraghas £1.50. Ardaíonn an praghas go dtí £1.75 agus ceannaíonn an tomhaltóir 70 aonad an uair sin.

(i) Agus tú ag úsáid na foirmle thíos, ríomh praghasleaisteachas éilimh an tomhaltóra. Taispeáin do chuid oibríochtaí ar fad.

$$\frac{\Delta Q}{\Delta P} \times \frac{P_1 + P_2}{Q_1 + Q_2}$$

(ii) An éileamh leaisteach, neamhleaisteach, nó leaisteach aonadach atá ar an earra seo?

(iii) Is mian le díoltóir an earra thuas an t-ioncam is mó a thuilleamh. Céard iad na hathruithe, más ann dóibh, is cóir don díoltóir a dhéanamh ar an bpraghas díolacháin chun an t-uasmhéid ioncaim a thuilleamh? Mínigh do fhreagra. (35 marc)

(*c*) Luaigh agus mínigh **CEITHRE** thoisc a bhfuil tionchar acu ar phraghasleaisteachas an éilimh. (30 marc)

**[75 marc]**

**3.** *(a)* Luaigh **CEITHRE** thoisc a bhfuil tionchar acu ar sholáthar earra, seachas praghas an earra féin, agus mínigh conas a bhfuil tionchar ag gach toisc acu ar sholáthar. (25 marc)

*(b)* Luaigh agus mínigh na buntréithe eacnamaíocha is mó atá ann faoi iompraíocht tomhaltóirí. (25 marc)

*(c)* Deir dlí na háirgiúlacha imeallaí laghdaithí go rachaidh áirgiúlacht theorannach earra i laghad ar deireadh de réir mar a chaitear aonaid bhreise den earra.

(i) Luaigh agus mínigh na buntréithe faoi dhlí na háirgiúlachta imeallaí laghdaithí.

(ii) Tabhair **DHÁ** shampla de thráchtearraí nach gcloíonn leis an dlí seo. Tabhair míniú gairid ar gach sampla díobh.

(25 marc)

**[75 marc]**

**4.** *(a)* Ceann de na príomhthosca a dhearbhaíonn an pá a íoctar le hoibrí ná **Táirgiúlacht Theorannach Ioncaim Saothair** (MRP).

(i) Mínigh céard is brí leis an téarma a bhfuil líne faoi.

(ii) Pléigh na tosca, seachas MRP, a bhfuil tionchar acu ar na rátaí pá a íoctar le catagóirí difriúla oibrithe. (30 marc)

*(b)* Cé chomh hiomchuí is atá MRP chun pá a shocrú san earnáil phoiblí? Mínigh do fhreagra. (20 marc)

*(c)* Faoi láthair, sáraíonn an t-éileamh ar oibrithe an soláthar oibrithe in earnálacha áirithe de Gheilleagar na hÉireann. Pléigh na tionchair eacnamaíochta a fhéadfadh a bheith ag an gcás seo ar gheilleagar na hÉireann. (25 marc)

**[75 marc]**

**5.** *(a)* Sainmhínigh go soiléir **TRÍ** théarma ar bith díobh seo a leanas:

(i) Onnmhairí dofheicthe;

(ii) Taraifí;

(iii) Comhardú na nÍocaíochtaí ar Chuntas Reatha;

(iv) Comhardú na nÍocaíochtaí ar Chuntas Caipitil. (25 marc)

*(b)* Tá ardú seasta tagtha ar onnmhairithe na hÉireann le blianta beaga. Pléigh an tionchar atá aige seo ar gach ceann díobh seo a leanas:

(i) leibhéal allmhairithe na hÉireann;

(ii) méid na n-iasachtaí ag Rialtas na hÉireann. (25 marc)

*(c)* Pléigh na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar gheilleagar na hÉireann ag laghdú ar luach an EURO i gcomparáid le hairgeadraí idirnáisiúnta eile. (25 marc)

**[75 marc]**

**6.** *(a)* Maidir le hinnéacs praghsanna ilchodach (meáite) don trí chineál caiteachais atá sa tábla a leanas, ríomh an t-innéacs praghsanna don bhliain reatha. Is é céad (100) an luach bonnbhliana. Léirigh do chuid oibríochtaí.

| Catagóir | % d'ioncam caite ar rud(aí) | Praghas rud(aí) bhonnbhliain | Praghas rud(aí) sa bhliain reatha |
|---|---|---|---|
| | | £ | £ |
| Bia | 35 | 8.50 | 12.75 |
| Éadaí & Bróga | 15 | 37.50 | 45.00 |
| Rudaí Eile | 50 | 20.00 | 35.00 |
| | 100 | | |

(20 marc)

*(b)* An tomhas cruinn ar athruithe ar chostas maireachtála in Éirinn é an **tInnéacs Praghsanna do Thomhalóirí** (CPI)? Mínigh do fhreagra. (30 marc)

*(c)* Le bliain anuas bhí an ráta boilscithe, de réir thomhas an CPI, luaineach. Pléigh na tionchair aige seo ar gheilleagar na hÉireann. (25 marc)

**[75 marc]**

**7.** *(a)* Sainmhínigh go soiléir na téarmaí a leanas:

(i) Barrachas Bhuiséad Reatha;

(ii) Riachtanas Iasachta an Státchiste;

(iii) Fiachas Náisiúnta. (20 marc)

*(b)* Pléigh príomhthréithe chóras maith cánachais. (20 marc)

*(c)* Pléigh na príomhthionchair a bhí ag na laghduithe ar rátaí cánach ioncaim, sna Buiséid Rialtais le blianta beaga, ar gheilleagar na hÉireann. (25 marc)

*(d)* Mínigh céard is brí leis an téarma **'comhchuibhiú** (harmonisation) **cánach'**. (10 marc)

**[75 marc]**

**8.** *(a)* Mínigh, le cabhair léaráide de **Sreabhadh Ciorclach Ioncaim**, do gheilleagar oscailte na fórsaí a bhfuil tionchar acu ar an leibhéal d'éileamh comhiomlán. (25 marc)

*(b)* Léiríonn an tábla a leanas na leibhéil d'Ioncam Náisiúnta, Tomhaltas, Infheistíocht, Onnmhairithe agus Allmhairithe ag deireadh Tréimhse 1 agus Tréimhse 2. I gcás na ceiste seo is féidir neamhaird a dhéanamh den earnáil rialtais.

| Tréimhse | Ioncam Náisiúnta | Tomhaltas | Infheistíocht | Onnmhairithe | Allmhairithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | £5,800 | £4,800 | £1,200 | £1,000 | £1,200 |
| 2 | | £5,250 | £1,300 | £1,200 | £1,350 |

Ríomh an méid a leanas, agus taispeáin do chuid oibríochtaí ar fad:

(i) Leibhéal an Ioncaim Náisiúnta i dTréimhse 2.

(ii) An Claonadh Imeallach chun Coigiltis.

(iii) An Claonadh Imeallach chun Allmhairithe.

(iv) Méid an Iolraitheora. (20 marc)

(*c*) Agus Olltáirgeacht Náisiúnta ar Phraghsanna Reatha an Mhargaidh do na blianta 1990 agus 2000 ar eolas, luaigh agus mínigh an bhaint atá ag **CEITHRE** bhlúire eile eolais le measúnú a dhéanamh ar athruithe ar an meánchaighdeán maireachtála idir 1990 agus 2000. (30 marc)

**[75 marc]**

***LEATHANACH BÁN***

***LEATHANACH BÁN***

M. 59AT

**RABHADH**

**An páipéar seo a thabhairt suas le do fhreagarleabar – sin nó caillfear marcanna.**

# An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2001

## DÉ CÉADAOIN 20 MEITHEAMH 9.30 – 12.00

## EACNAMAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

## ROINN A (100 marc)

**Scrúduimhir**

| |
|---|
| |



THALL→

**Freagair do rogha <u>sé</u> cheist:**

**1.** Cad a chiallaíonn an coincheap *'barrachas tomhaltóra'*?

.............................................................................................................................................

.............................................................................................................................................

.............................................................................................................................................

(16 marc)

**2.** Luaigh **DHÁ** **<u>riosca neamh-inárachais</u>** a gcaitheann fiontraithe aghaidh a thabhairt orthu.

(i) .........................................................................................................................................

(ii) .........................................................................................................................................

(16 marc)

**3.** Déan sainmhíniú ar **COSTAIS SHÓISIALTA**. Tabhair **DHÁ** shampla.

.............................................................................................................................................

.............................................................................................................................................

Sampla (i) ...............................................................................................................................

Sampla (ii) ...............................................................................................................................

(16 marc)

**4.** Luaigh **TRÍ** shochar eacnamaíocha a bhaineann saoránaigh i dtíortha tearcfhorbartha as forbairt eacnamaíoch.

(i) .........................................................................................................................................

(ii) .........................................................................................................................................

(iii) .........................................................................................................................................

(16 marc)

**5.** Luaigh **DHÁ** shlí a bhféadfaí comhlachtaí leathstáit ar monaplachtaí iad a chur ag oibriú níos éifeachtaí lena gcostais.

(i) .........................................................................................................................................

(ii) .........................................................................................................................................

(16 marc)

**6.** Mínigh, le cabhair léaráide le lipéid shoiléire, an coibhneas idir na **meánchostais** agus na **costais imeallacha**.

| Léaráid | Míniúchán |
|---|---|
| | ................................................................................ |
| | ................................................................................ |
| | ................................................................................ |
| | ................................................................................ |

(17 marc)

**7.** Luaigh **TRÍ** ról atá ag brabúis i ngeilleagar margaidh.

(i) ................................................................................................................................................

(ii) ................................................................................................................................................

(iii) ................................................................................................................................................

(17 marc)

**8.** Luaigh **TRÍ** smaoineamh atá tugtha ag **eacnamaithe Airgeadaíocha** do smaointeoireacht eacnamaíoch.

(i) ................................................................................................................................................

(ii) ................................................................................................................................................

(iii) ................................................................................................................................................

(17 marc)

**9.** Deirtear, sa chiall eacnamaíoch, go bhfuil **ródhaonra** i dtír nuair

......................................................................................................................................................

......................................................................................................................................................

......................................................................................................................................................

(17 marc)

**_LEATHANACH BÁN_**